RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/733 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Bealtaine 2022

lena gceartaítear leaganacha teanga áirithe de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí scragaill tiontaire alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2170 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí scragaill tiontairí alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 7 agus Airteagal 9(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leaganacha Seicise agus Ungáirise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983 ón gCoimisiún ([2]), tá earráid in Airteagal 1(1) a athraíonn brí an téacs.

(2) Tá an earráid chéanna in Airteagal 1(1) sa leaganacha Seicise agus Ungáirise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2170 ón gCoimisiún ([3]).

(3) Sa leagan Seicise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2170 agus sa leagan Ungáirise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983, tá earráid bhreise in Airteagal 1(1).

(4) Dá bhrí sin, ba cheart na leaganacha Seicise agus Ungáirise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983 agus de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2170 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

Airteagal 2

(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí scragaill tiontaire alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 216, 18.6.2021, lch. 142).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2170 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí scragaill tiontairí alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 438, 8.12.2021, lch. 46).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Bealtaine 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN